

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2025
(OR. en)**

12628/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0198 (BUD)**

**FIN 1046
SOC 598**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	An Coiste um an mBuiséad
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	12247/25
Ábhar:	Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg (EGF/2025/001 BE/BelGaN)

- *Formheas*

1. An 26 Lúnasa 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) a shlógadh, maille leis an togra comhfhreagrach maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 11/2025¹.
2. Is é is aidhm don togra EUR 0.9 milliún a shlógadh faoi CED chun freastal ar iarratas ón mBeilg chun an Ciste a imscaradh i ngeall ar iomarcaíochtaí oibrithe in BelGaN BV (a d'aistrigh óna bheith ina mhonaróir atá bunaithe ar shileacan go monaróir atá bunaithe ar nítríd ghailliam) chun cúnamh a chur ar fáil chun na 417 dtairbhí spriocdhírthe a athimeascadh sa mhargadh saothair, i gcomhréir leis na critéir idirghabhála a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2021/691².

¹ 12250/25.

² Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj>).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige an 12 Meán Fómhair 2025 agus bhí sé in ann é a fhormheas.
 4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh, mar a leagtar amach in 12629/25 é, a fhormheas.
-